Irish Version

Ag Taisteal le Translink

2010-2011

Treoir faoi úsáid Iompair Phoiblí i dTuaisceart Éireann

let's go together
translink.co.uk

Translink

Chun tuilleadh eolais a fháil:
Tabhair cuairt ar www.translink.co.uk nó glaoigh ar 028 90 66 66 30

Ar an suíomh gréasáin seo tá áis phleanála turais, an nuacht taistil is déanaí agus eolas iomlán ar amchláir le haghaidh seirbhísí uile Translink.
Tá an t-eolas is déanaí faoi tháillí lascainithe agus faoi thairiscintí tionscnaimh le fáil ar an suíomh gréasáin fresin.

Féadfar táillí a athrú.

Tá an foilseachán seo ar fáil i gcló mór agus i gcló bhraille ach iad a iarraidh, agus is féidir é a íoslódáil ón suíomh gréasáin againn i gceithre theanga eile:

- Béarla
- Liotuánais
- Polainnis
- Portaingéilis

Tá an leagan Gaeilge seo, agus an leagan Béarla, ar fáil i gcló ag stáisiúin iarnróid agus bus, nó scríobh chuig:

The Marketing Department, Translink,
Central Station, East Bridge Street, Belfast,
BT1 3PB.

Clár

	Leathanach
Eolas Faoi Translink	**4**
Inrochtaine	**6**
Comhairle Taistil agus Sábháilteachta	**9**
Polasaithe	**11**
Ticéid Chomhtháite Bus agus Iarnróid	**17**
Seirbhísí Bus Metro	**23**
Seirbhísí Bus Ulsterbus	**28**
Seirbhísí Ulsterbus	**29**
Seirbhísí Speisialta Bus	**32**
Seirbhísí Goldline	**33**
Seirbhísí Iarnróid	**34**
Seirbhísí Iarnróid Áitiúla	**35**
Seirbhísí Iarnróid Trasteorann	**39**
Seirbhísí Eile	**42**
Táillí Lamháltais Bus agus Iarnróid	**43**
Naisc Aerfort	**49**
Turais agus Fruiliú Príobháideach	**50**
Seirbhísí Rambler	**51**
Seirbhísí Páirceála agus Taistil	**51**
Déan Teagmháil linn	**52**

Eolas Faoi Translink

Fáilte ar Bord

Is é Translink an príomhsholáthraí Iompair Phoiblí i dTuaisceart Éireann. Is aidhm dúinn seirbhísí comhtháite bus agus iarnróid a sholáthar ar fud Thuaisceart Éireann, atá tarraingteach agus inbhuanaithe, agus a thugann luach maith ar airgead. Táimid tiomanta chomh maith ar a chinntiú go bhfuil na seirbhísí againn sábháilte, inrochtana agus inacmhainne dár bpaisinéirí uile.

Is iad Metro, Ulsterbus agus NIRailways atá páirteach i Translink; in iomlán iompraítear thart faoi 80 milliún paisinéir gach bliain.

Cuireadh an leabhrán seo le chéile d'fhonn taisteal linn a dhéanamh chomh héasca agus is féidir. Tá eolas agus comhairle ann faoi chonas is féidir na seirbhísí againn a úsáid, maraon le huimhreacha teaghmhála má tá eolas breise uait. Ag cúl an leabhráin, tá réimse áisiúil léarscáileanna iompair phoiblí, mar chabhair duit do thuras a phleanáil.

Inrochtaine

Táimid tiomanta chomh maith ar a chinntiú go bhfuil ár gcuid seirbhísí, áiseanna agus eolas do phaisinéirí inrochtana dár gcustaimirí uile.

- Tá amchláir ar fáil ar ár suíomh gréasáin, cliceáil ar www.translink.co.uk, ó stáisiúin áitiúla bus agus iarnróid, nó is féidir leat glaoch ar Ionad Teagmhála Translink chun eolas a fháil ar sheirbhísí uile Metro, NIRailways agus Ulsterbus, 028 90 66 66 30.
- Tá amchláir ar fáil i gcló mór agus ar dhiosca ach iad a iarraidh. Déan fiosrú ag an stáisiún áitiúil bus nó iarnróid agat, nó scríobh chuig: Marketing Department, Translink, Central Station, East Bridge Street, Belfast, BT1 3PB.
- Is féidir leat feidhm a bhaint as Córas Typetalk ag Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBodhar (RNID) freisin chun·teagmháil·a·dhéanamh·le·stáisiúin·áitiúla·bus·agus ·iarnróid. Má tá téacsfón in úsáid agat, cuir isteach 18001 roimh an uimhir fóin iomlán.
- Rinneadh stáisiúin nua bus agus iarnróid a dhearadh d'aon ghnó go mbeadh na háiseanna uile ar aon leibhéal, le hurláir thadhlach agus leithris inrochtana do chathaoireacha rothaí. Tá roinnt bileog eolais faoi thaisteal ar Iompar Poiblí curtha ar fáil ag an Coiste Comhairleach um Ghluaiseacht agus Iompar Cuimsitheach (IMTAC). Fón (028) 9072 6020, Téacsfón (028) 9072 6016, facs (028) 9024 5500 nó cliceáil ar www.imtac.org.uk chun eolas breise a fháil.
- Ag teacht leis an Acht in aghaidh Idirdhealú ar bhonn Mhíchumais, tugadh clár infheistíochta £17 milliún chun críche le linn 2008, d'fhonn uasghrádú a dhéanamh ar stáisiúin agus stadanna iarnróid. Dá thoradh seo tá áiseanna de chaighdeán níos airde ar fáil do chách. Baineann gach uile phaisinéir tairbhe as soilsiú nua, scáthláin agus comharthaíocht a chruthaíonn timpeallacht níos compordaí agus níos sábháilte.
- In Eolaí Rochtana Translink tugtar eolas faoi na leibhéil reatha seirbhíse atá ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta a fhéadfadh deacrachtaí a bheith acu in úsáid Iompair Phoiblí. Tá cóipeanna ar fáil ó stáisiúin bus agus iarnróid.



- Tá busanna le hurláir ísle in úsáid ar sheirbhísí Ulsterbus agus Metro, a éascaíonn bordáil ag paisinéirí a bhfuil riachtanais ar leith acu. Is féidir eolas ar na háiteanna ina bhfuil busanna le hurláir ísle in úsáid a fháil sa phleanálaí turais ar shuíomh gréasáin Translink www.translink.co.uk, nó in amchláir chlóite agus ó Ionad Teagmhála Translink, glaoigh ar 028 90 66 66 30.
- Is féidir traenacha a bhordáil le céimeanna nó le rampaí paisinéirí. Déan teagmháil, le do thoil, le N I Railways roimh thaisteal duit.
- Réitíonn suíomh gréasáin Translink www.translink.co.uk le treoirlínte deartha inrochtaineachta; is féidir é a rochtain freisin i bhformáid 'ghrafaic íseal'. Tá amchláir agus pleanálaí turais ar fáil ann.

  Leanaimid orainn le forbairt ar an suíomh gréasáin d'fhonn freastal ar gach uile chuairteoir. Is féidir é a úsáid anois le Browsealoud.

Eolas Taistil agus Sábháilteachta

Busanna agus Traenacha

- Ar mhaithe le sábháilteacht do chách, ná bí ag rith; siúl go réidh, le do thoil.
- Lig do dhaoine eile tuirlingt sula dtéann tú ar bord.
- Luaigh do cheann scríbe agus, má's féidir, bíodh an táille chruinn don turas agat.
- Is féidir leat bordáil a thapú agus airgead a choigilt tríd úsáid a bhaint as Cárta Smartlink, bailí ar sheirbhísí Metro agus Ulsterbus, nó an Cárta iLink bailí ar sheirbhísí Metro, Ulsterbus agus NIRailways.
- Má tá pas lamháltais agat, taispeáin é nuair a cheannaíonn tú ticéad.
- Beir greim ar na ráillí láimhe atá ar fáil, le linn duit bheith ag seasamh nó ag gluaiseacht tríd an fheithicil.
- Ar mhaithe le do chompord agus do shábháilteacht, suigh síos le do thoil nuair atá suíocháin ar fáil.
- Coinnigh do thicéad réidh le haghaidh cigireachta i gcónaí.
- Bíodh tuiscint agat do phaisinéirí eile agus ná cuir do chosa ar shuíocháin.
- Tá cosc ar thobac a chaitheamh ar sheirbhís ar bith.

- Coinnigh do chuid earraí leat i gcónai - ná bíodh do chuid bagáiste mar bhac sa phasáiste.
- Cabhraigh linn busanna agus traenacha a choinneáil glan agus slachtmhar; beir leat do chuid bruscair.
- Tabhair suas suíochán tosaíochta má tá duine aosta nó duine faoi mhíchumas ina ghátar.

Traenacha

- Agus tú ag feitheamh ar thraein, fan taobh thiar de na línte buí ar an ardán.
- Bí cinnte go bhfuil an traein ina stad sula dtugann tú faoi dhoras a oscailt.
- Má théann tú ar bord traenach ag stáisiún gan foireann, ceannaigh do thicéad, le do thoil, ón stiúrthóir ar an traein.

Busanna

- Ag stad bus, tabhair comhartha soiléir don tiománaí gur mian leat go stopfar an bus duit.
- Nuair is mian leat tuirlingt ón mbus, brúigh an cnaipe cloig le cur in iúl don tiománaí stopadh ag an gcéad stad bus eile.
- Tá spás le haghaidh dhá bhugaí ar bord. Muna bhfuil spás fágtha dod bhugaí féin, is gá duit é a fhilleadh suas chun an pasáiste a choimeád saor ó bhac.
- Agus an bus ag gluaiseacht, fan taobh thiar den líne bhuí le do thoil.

Polasaithe

Polasaí faoi Pheataí/Ainmhithe

- Iompraítear peataí SAOR in aisce ar ár gcuid busanna agus traenacha.
- Ar thraenacha, iarraimid ort ainmhithe a iompar i gcliabhán oiriúnach, ach amháin i gcás ainmhithe cabhrach; ba chóir iad san a choinneáil ar iall.
- Ar bhusanna, ceadófar madraí beaga ar féidir a iompar ar ghlúin phaisinéara, ar choinníoll ná cuireann siad isteach ar phaisinéirí eile. Caithfear madraí i dteannta daoine dalla agus ainmhithe cabhrach a choimeád ar iall.
- Níl cead cliabháin agus/nó ainmhithe cabhrach a ligint ar shuíochán sa chás go bhfuil brú daoine sa bhus.

Polasaí Rothar

- Faoi réir ag na coinníollacha thíos, iompraítear rothair SAOR in aisce ar Ulsterbus agus NIRailways.
- Is oth linn nach bhfuil spás ar bord seirbhísí Metro le haghaidh rothair.
- Is féidir rothair a iompar ar bhus má tá cófra bagáiste ann agus spás ar fáil.
- Toisc go bhfuil brú mór ar thraenacha roimh 9.30am Luan go hAoine, níl spás chun rothair a iompar le linn an ama san. Mar sin, ba chóir do phaisinéirí le rothair taisteal tar éis 9.30am.
- Ar thraenacha, is féidir suas le 4 rothar lánmhéid a iompar ag am ar bith, agus iad suite sa láthair rothar atá ceaptha. Is de réir mar a thagann paisinéirí ar bord, agus faoi dhiscréid an Stiúrthóra, a ligfear an spás sa láthair ceaptha. Níl aon chóras áirithinte rothar ar bhusanna ná ar thraenacha.
- Níl aon srian taistil ná teora leis an líon rothar fillte is féidir linn a iompar, ach iad a bheith fillte go hiomlán.
- Ar mhaithe le sábháilteacht ár gcuid paisinéirí: ní cheadaítear rothair beirte, trírothaigh, gluaisrothair, móipéidí, rothair mhótaraithe ná scútair a iompar ar bhusanna ná ar thraenacha ar bith.
- Ní féidir rothair a iompar ar bhusanna atá ag feidhmiú in ionad seirbhísí traenach.
- Tá scáthláin pháirceála rothar ar fáil ag cuid mhór de na príomhstáisiúin ar fud an líonra.

Pramanna

- Iompraítear bugaithe/pramanna leanaí saor in aisce ar bhusanna agus ar thraenacha.
- Is féidir an láthair ceaptha do phramanna ar bhusanna a úsáid nuair is ann dó; dá éagmais iarraimid ort an pram a fhilleadh suas.

Polasaí faoi Chosc ar Thobac

- Iarraimid ort gan tobac a chaitheamh in aon fhoirgneamh le Translink, ar aon ardán ná ar bord traenach ná bus ar bith.

Polasaí Foghla

- Tá cosc ar shíománaíocht agus ar fhoghail ar áitreabh ar bith de chuid NIRailways.
- Pionós uasta £1000

Polasaí Aisíoca

Coinníollacha Ginearálta

- Ní mór iarrtais ar aisíoca a chur isteach laistigh de 28 lá ó dháta éaga an ticéid. Tá roinnt eisceachtaí i bhfeidhm, áfach. Féach, le do thoil, ar na téarmaí agus coinníollacha iomlána a bhaineann le gach saghas ticéid ar leith, atá ar fáil ag www.translink.co.uk.
- Braitheann méid an aisíoca de ghnáth ar an úsáid a baineadh as an ticéad; i gcásanna áirithe ní bheidh aisíoc ar bith dlite m.sh. má áirítear aisíoc dar luach £1.50 nó níos lú.
- Ní ghlacfar le hiarrtais aisíoca dar luach níos lú ná £1.50.
- Ní thabharfar aisíoc ar thicéid a ceannaíodh de bhrí gur theip ar phaisinéir, le linn dóibh ticéad a cheannach, a chruthú go raibh táille lamháltais dlite dóibh (m.sh. Seanóir, 60+, Leath-tháille Lamháltais, Mac Léinn, srl). Tabhair faoi deara, le do thoil: ní mór do dhaoine go bhfuil Pas Lamháltais (arna eisiúint ag an Roinn Forbartha Réigiúnaí) ina seilbh acu, cárta cliste atá bailí agus feidhmeach a chur i láthair chun ticéad saor nó ticéad leath-tháille lamháltais a fháil. Bainfear an táille iomlán cuí ó phaisinéir a chuireann i láthair SmartPass neamhbhailí nó neamhfheidhmeach.
- Ach amháin i gcás eisceachtaí ar leith, bainfear táille riaracháin 20% de luach an aisíoca de ghnáth. Féach, le do thoil, ar na téarmaí agus coinníollacha iomlána a bhaineann le gach saghas ticéid ar leith.
- I gcásanna go mbaintear táille riaracháin, is é £1.50 an t-íosluach agus £5.00 an t-uasluach a chuirfear i bhfeidhm. Ní thabharfar aisíoc ar bith, má's é £1.50 nó níos lú an fuílleach, tar éis luach coda an ticéid a úsáideadh a bhaint agus an táille riaracháin a chur i bhfeidhm.
- Sa chás go dteipeann ar phaisinéirí Metro agus NI Railways ticéad bailí a thabahairt suas le haghaidh cigireachta, bainfear táille pionóis £20 móide an táille singil iomlán don turas atá á dhéanamh acu. I gcás paisinéirí Ulsterbus, bainfear an táille singil iomlán don turas atá á dhéanamh acu. Ina mhalairt de chás, féadfar ciontóirí a ionchúiseamh i gciontú coiriúil.

Tá an polasaí aisíoca iomlán, maidir le gach saghas ticéad, ar fáil ag: www.translink.co.uk/tlticketpassrefundpolicy.asp

Polasaí faoi Chosc ar Alcóil

- Ní cheadaítear do phaisinéirí alcól a ól ar sheirbhísí iarnróid ná bus laistigh de Thuaisceart Éireann, ach amháin sa chás go gceannaítear é ón mbeár ar bord seirbhíse trasteorann Enterprise.

CCTV

- Tá ceamaraí faire CCTV in úsáid ar thraenacha C3k, ar bhusanna agus in áitribh áirithe. Ar mhaithe le do shábháilteacht agus mar chabhair chun coireanna a chosc, déantar na híomhánna a thaifeadadh agus a ghrinnscrúdú.

Leanaí gan Tionlacan

- Ar mhaithe le sábháilteacht leanaí atá faoi bhun 12 bhliain d'aois, iarraimid go mbeadh duine freagrach 16 bliana d'aois nó os a chionn ina dteannta le linn dóibh taisteal ar sheirbhísí trasteorann bus agus iarnróid.

Ticéid Chomhtháite Bus agus Iarnróid

iLink

Is cárta cliste comhtháite é iLink; soláthraíonn sé taisteal gan teorainn ar bhusanna agus ar thraenacha, ar bhonn lae, seachtaine nó míosa, laistigh de thrí chrios ar leith ar fud Thuaisceart Éireann.

Tá iLink ar fáil do dhaoine fásta agus do leanaí agus tá sé an-oiriúnach má thaistealaíonn tú ar bhus agus ar thraein chuig do cheann scríbe. Is cárta cliste é gur féidir leat cur leis arís agus arís eile; mar sin, nuair atá tuilleadh taistil uait, ní gá duit ach an Carta iLink céanna a bhreith ar ais chuig ceann de na hionaid díolacháin againn agus taisteal lae, seachtaine nó míosa a chur le do chárta.

Anois is féidir leat freisin cur le cártaí iLink ag breis agus 900 ionad PayPoint ar fud Thuaisceart Éireann. Bí ag faire amach don chomhartha PayPoint. Le haghaidh liosta iomlán de na hIonaid PayPoint, tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin againn.

PLUSBUS

Le ticéad ***PLUSBUS*** is féidir leat do thuras iarnróid a dhéanamh agus leanúint ar aghaidh chuig do cheann scríbe deiridh ar bhus.

Is féidir ***PLUSBUS*** a úsáid chun taisteal ar bhus ag deireadh do thurais tosaigh iarnróid. Is féidir leat dul ar an mbus ón stáisiún agus turais eile bus ar fud an bhaile a dhéanamh chomh maith. Eisítear ticéid ***PLUSBUS*** ar an lá taistil, mar bhreis ar thicéad singil nó ar thicéad fillte lae, do dhaoine fásta. (ní féidir PLUSBUS a fháil ar thicéid leanaí)

Cuir £1.50 leis an táille le haghaidh Seirbhísí Baile Ulsterbus Nó £2.50 le haghaidh Seirbhísí Metro

Is féidir leat PLUSBUS a úsáid:

Central Zone
(Seirbhísí Metro)
Móide £2.50
Central
Botanic
City Hospital
Great Victoria Street
Adelaide
Bridgend
Yorkgate

Bangor Line
Móide £1.50
Bangor
Holywood

Larne Line
Móide £1.50
Larne Town
Carrickfergus

Portadown Line
Móide £1.50
Newry
Portadown
Lurgan
Lisburn

Londonderry Line
Móide £1.50
Londonderry
Coleraine
Ballymena
Antrim

Ticéid do Dhaltaí: Bailí le haghaidh taistil ón mbaile go dtí an scoil agus ar ais, ar mhodh amháin nó ar chomh-mhodhanna taistil. Tá foirmeacha iarrtais ar fáil ag na príomhstáisiúin bus agus iarnróid, nó glaoigh ar an Oifig Ticéad do Dhaltaí,
Fón: (028) 9035 4074.

Cártaí Taistil Comaitéara Translink: Tá Cártaí Taistil Comaitéara bailí ar feadh bliana; tugann siad lascaine 20% i gcomparáid le ticéid mhíosa a cheannach. Tugann siad taisteal gan teorainn idir dhá áit ainmnithe (ar mhodh amháin nó ar chomh-mhodhanna taistil) agus saoirse thaistil ar an líonra ar fud Thuaisceart Éireann um dheireadh seachtaine. Tá foirmeacha iarrtais ar fáil ag na príomhstáisiúin bus agus iarnróid.

Scéim TaxSmart Translink (Metro & Ulsterbus amháin): TaxSmart is ainm do chárta bliana busthaistil Translink, atá ar fáil tríd an scéim íobartha tuarastail.

Má ghlacann do fhostóir páirt i TaxSmart, is féidir leat suas le 31% a shábháil in aghaidh na bliana ar do chostas taistil. Is lascaine breise é seo, mar bharr ar an méid suntasach is féidir a shábháil leis an ghnáthchárta bliana busthaistil Translink. Is féidir leat costas do Chárta TaxSmart a roinnt go cothrom thar aon bhliain amháin, le 12 thráthchuid mhíosúil bainte ó do thuarastal. Chun sonraí iomlán a fháil, tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin: www.translink.co.uk/taxsmart

Ní féidir leat cárta TaxSmart a iarraidh muna bhfuil d'fhostóir páirteach sa scéim. Beidh an scéim TaxSmart á cur ar fáil ag Translink d'fhostóirí eile i dTuaisceart Éireann le linn 2010/11.

Muna bhfuil d'fhostóir páirteach sa scéim fós, is féidir leis tuilleadh eolais a fháil tríd an fhoirm fiosrúcháin ar ár suíomh gréasáin a chomhlíonadh.

Níl TaxSmart ar fáil ar sheirbhísí iarnróid.



Seirbhísí Bus Metro

Seirbhísí Metro

Ins an líonra Metro tá 12 chonair ardmhinicíochta ar phríomhbhóithre artaireacha isteach go Lár Chathair Bhéal Feirste le seirbhísí breise ag oibriú ar fud Mhórcheantar Bhéal Feirste. I gcaitheamh an lae, ó Luan go Satharn, ráthaítear busanna ar mhinicíocht idir 5 agus 10 nóiméad ar phríomhchuid na conaire. Oibríonn seirbhísí an Domhnaigh ar mhinicíocht laghdaithe. Tá amchláir Metro ar fáil ag Metro Kiosk, Donegall Square West.

Uimhreacha ar Bhealaí Metro Taispeántar an uimhir bhealaigh agus an ceann scríbe ar bhusanna agus iad ag taisteal amach ó lár na cathrach. Ag teacht isteach chuig an chathair, stadann gach bus i lár na cathrach roimh thaisteal ar aghaidh go ceann scríbe nua.

Táillí agus Ticéid Metro

Táillí Metro

Tá trí phríomhtháille airgid thirim chun taisteal ar Metro:

- £1.40 chun taisteal laistigh den Inner Zone (Leanbh £0.70)
- £1.70 chun taisteal san City Zone agus Inner Zone (Leanbh £0.85)
- £2.00 chun taisteal thar an City Zone (Leanbh £1.00)

Smartlink

Is féidir lascaine 32% ar a laghad ar tháillí airgid thirim a fháil le táillí ilturas Multi-Journey (MJ) Smartlink. Is féidir an Cárta Smartlink MJ a lódáil le líon áirithe turas ó 5 go 40 ar a mhéad in iolraí 5 thuras (5, 10, 15, 20 srl). Is féidir leis an gcárta 50 turas ar a mhéad a choinneáil. Nuair a cheannaíonn tú do Chárta Smartlink MJ, bainfear táille aonair £1.50 le haghaidh an chárta.

Is iad seo a leanas na praghasanna ar Chárta Smartlink MJ (céadcheannach agus cur leis) do dhaoine fásta agus do leanaí:

Tabhair faoi deara: Féadfar táillí a athrú. Ní féidir Cártaí don Inner Zone a úsáid ach amháin chun turas a dhéanamh atá faoi réir an bhuntáille airgid thirim.

	Duine Fásta Céadcheannach *(£1.50 san áireamh don chárta)*	**Duine Fásta** Cur Leis *(gan táille don chárta)*	**Leanbh** Céadcheannach *(£1.50 san áireamh don chárta)*	**Leanbh** Cur Leis *(gan táille don chárta)*
5 Thuras				
Inner Zone	£6.00	£4.50	£3.75	£2.25
City Zone	£7.00	£5.50	£4.25	£2.75
Extended	£8.25	£6.75	£4.87	£3.37
10 dTuras				
Inner Zone	£10.50	£9.00	£6.00	£4.50
City Zone	£12.50	£11.00	£7.00	£5.50
Extended	£15.00	£13.50	£8.25	£6.75

Áirítear san Extended Zone: Newtownabbey, Monkstown, Rathcoole, Twinbrooke, Poleglass, Lagmore, Dunmurry, Conway, Ballybeen and Holywood Exchange. Tá Belvoir Estate agus Tullycarnett laistigh den City Zone.

Cártaí Taistil Smartlink - Seachtaine agus Míosa

Tá Cártaí Taistil Smartlink ar fáil freisin agus is féidir iad a úsáid chun taisteal gan teorainn ar fud an líonra iomláin Metro, ar feadh seachtaine nó ar feadh míosa. Is é costas an chárta ná £14.50 do chárta seachtaine agus £57.00 do chárta míosa. Arís, baintear táille aonair £1.50 an chéad uair a cheannaíonn tú cárta.

Ag Ceannach agus ag Cur Le Smartlink.

Is féidir leat Cárta Smartlink a cheannach ar líne nó cur le do thurais le haghaidh taistil gan teorainn ag Gníomhairí Smartlink i Mórcheantar Bhéal Feirste agus ag an Metro Kiosk, Donegall Square West. NÍ FÉIDIR leat cártaí a cheannach ná cur le cártaí ar bhus.

Anois is féidir leat freisin cur le cártaí Smartlink ag breis agus 900 ionad PayPoint ar fud Thuaisceart Éireann. Bí ag faire amach don chomhartha PayPoint. Le haghaidh liosta iomlán de na hIonaid PayPoint, tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin againn.

Ticéid Lae Metro

- £3.50 áit ar bith, am ar bith, ar líonra Metro, ar aon lá amháin, Luan go Satharn.
- £2.90 áit ar bith ar líonra Metro tar éis 9.30am, Luan go Satharn nó ar feadh an lae ar an Domhnach (le ceannach idir 9.30am agus 3pm Luan go Satharn agus ar feadh an lae ar an Domhnach).

Is iad san na táillí do dhaoine fásta, áirítear táillí leanaí ar leath na dtáillí thuas. Tá Ticéid Lae Metro bailí le haghaidh taistil ar an lá a gceannaítear iad agus ní féidir iad a aistriú.

Treoir See Belfast by Metro

Is treoir áisiúil é See Belfast by Metro faoi na nithe éagsúla is díol spéise i mBéál Feirste.

I ngach roinn den treoir, tá tuairisc ghearr, eolas faoi chonas dul ann ar sheirbhísí Metro agus, níos tábhachtaí fós, cé'n fhaid a ghlacann an turas. Tá margaí agus lascainí iontacha á dtairiscint ag cuid mhór de na hionaid atá luaite sa treoir; sé an bealach is fearr chun Béal Feirste a fheiceáil ná Ticéad Lae Metro a cheannach.

Faigh do chóip ag stáisiún bus ar bith nó ag an Metro Kiosk, Donegall Square West.



Seirbhísí Bus Ulsterbus

Seirbhísí Ulsterbus

Tá Ulsterbus freagrach as na seirbhísí bus ar fad, nach mór, i dTuaisceart Éireann ach amháin seirbhísí chathair Bhéal Feirste a oibríonn Metro.

Faoi láthair, tá 20 príomhláthair paisinéirí ag Ulsterbus ar fud Thuaisceart Éireann; fostaítear 1,250 tiománai agus oibrítear thart faoi 1,200 bus.

Tá eolas faoi sheirbhísí uile Ulsterbus ar fáil ó phleanálaí turais Translink, atá éasca le húsáid, ar shuíomh gréasáin Translink. Chomh maith leis sin, tá amchláir áitiúla Ulsterbus ar fáil ag an stáisiún bus nó iarnróid i do cheantar féin.

Táillí agus Ticéid Ulsterbus

Ticéid Fhillte Lae: Tugann sé seo lascaine ar chostas dhá thicéad singil.

Ulsterbus Smartlink: Is féidir Cárta Ilturas Smartlink Ulsterbus a lódáil roimh ré le líon áirithe turas idir dhá chéim ainmnithe. Is féidir cur le cártaí le 5 thuras ar a laghad agus le 40 turas ar a mhéad.

Tá dhá shórt den Chárta Smartlink MJ Ulsterbus - ceann do dhaoine fásta agus ceann do leanaí. Tá cártaí bailí le haghaidh taistil idir an dá chéim ainmnithe a roghnaigh tú nuair a hiarradh an cárta. Gach uair a úsáideann tú do chárta Smartlink MJ le haghaidh turais Ulsterbus, bainfear an turas go huathoibritheach ón líon iomlán turas ar do chárta. Eiseofar admháil duit a léiríonn:

- Sonraí an turais reatha.
- An líon turas atá fágtha ar do Chárta Smartlink MJ Ulsterbus.
- An dáta faoina gcaithfear na turais uile atá fágtha a úsáid.

  Is féidir leat 10 dturas a chur le do chárta ar bord bus, nó 5, 10, 20 nó 40 turas a chur le do chárta ag stáisiúin Ulsterbus, ag an Metro Kiosk, Donegall Square West nó ag gníomhairí Smartlink i Mórcheantar Bhéal Feirste.

Tá Cártaí Smartlink MJ Ulsterbus ar fáil le ceannach ar líne nó ó phríomhstáisiún Ulsterbus ar bith. Ní féidir Cártaí Smartlink MJ Ulsterbus a cheannach ar bhus ná ag Gníomhairí Smartlink.

Anois is féidir leat freisin cur le cártaí Smartlink ag breis agus 900 ionad PayPoint ar fud Thuaisceart Éireann. Bí ag faire amach don chomhartha PayPoint. Le haghaidh liosta iomlán de na hIonaid PayPoint, tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin againn.

Ticéad Lae Sheirbhís Baile Ulsterbus: ar fáil ar £2.00

Cárta Taistil Smartlink Seachtaine Sheirbhís Baile: Cosnaíonn an Cárta Taistil Smartlink Seachtaine £9.00; tugann sé taisteal gan teorainn ar Sheirbhísí Baile Ulsterbus ar feadh 7 lá ó dháta a chéad úsáidte. Is féidir cur le cártaí ag Stáisiúin Ulsterbus.

Taisteal Grúpa: Tá lascaine ar fáil do pháirtithe 10 nó níos mó, ach na socruithe taistil a dhéanamh 24 huaire roimh ré ar a laghad. Le haghaidh breis eolais déan teagmháil le do stáisiún áitiúil.

Táillí Turas: Ar fáil ar sheirbhísí áirithe le haghaidh siopadóireachta agus chun taisteal ag am ciúin. Le haghaidh breis eolais déan teagmháil le do stáisiún áitiúil.

Ticéad Fánaíochta Domhnaigh (Sunday Rambler): Taisteal gan teorainn ar sheirbhísí sceidealta uile Ulsterbus, laistigh de Thuaisceart Éireann, ar an Domhnach, (£8.00 duine fásta, £4.00 lamháltas) - ní mór é a cheannach roimh 3pm ach is féidir taisteal tar éis 3pm.

Seirbhísí Speisialta Bus

Cuirimid roinnt seirbhísí speisialta bus ar fáil, ar a n-áirítear:

Iompar Tuaithe: I gcomhar leis an Roinn Forbartha Réigiúnaí, cuireann Translink seirbhísí ar fáil i gceantair faoin tuath. Is aidhm dóibh seirbhís chuig an mbaile margaidh is cóngaraí a sholáthar agus taisteal um thráthnóna agus ag an deireadh seachtaine a éascú. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi sheirbhísí iompair thuaithe déan teagmháil leis an stáisiún Ulsterbus is cóngaraí duit.

Seirbhísí Goldline

Tá seirbhísí mearchóiste idiruirbeacha ag Translink faoin ainm Goldline; tugtar rogha agus minicíocht níos fearr do phobal Thuaisceart Éireann ar sheirbhísí a nascann na príomhbhailte agus cathracha ar fud Thuaisceart Éireann.

Meastar na seirbhísí Goldline mar 'bhratlong' de chuid líonra Translink, ag soláthar seirbhísí cóiste den scoth a bhaineann feidhm as na feithiclí is fearr.

Is iad bunluacha branda Goldline ná:

- seirbhísí atá gasta agus minic
- compord agus scíth
- líonra seirbhísí inrochtana
- luach ar airgead

Seirbhísí Iarnróid

Seirbhísí Iarnróid Áitiúla

Oibríonn NIRailways líonra iarnróid ar fud an chúige a dhéanann freastal ar na bealaí seo a leanas:

Bangor Line: Bangor - Belfast

Larne Line: Larne Harbour - Belfast

Londonderry Line: Derry - Coleraine - Belfast

Portadown Line: Newry - Portadown - Belfast

Ar gach líne tá meascra de sheirbhísí luais agus traenacha a stopann ag gach stad agus stáisiún. Bíonn suas le 6 nó 7 de thraenacha in aghaidh gach uair an chloig le linn na tréimhsí is gnóthaí ar phríomhlínte comaitéara. Is féidir leis na traenacha "C3k" luas 90msu a bhaint amach; tá áit suí do 200 paisinéir iontu maraon le spás breise seasaimh. I gcarr an tiománaí tá leithreas inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas; tá spás ceaptha freisin le haghaidh beirt phaisinéiri le cathaoireacha rothaí agus a gcompánaigh taistil. Sa charr ag ceann eile na traenach tá leithreas caighdeánach agus láthair stórála rothar.

Oibríonn amchláir ó Luan go hAoine le seirbhísí difriúla ar an Satharn. Tá amchlár laghdaithe ar fáil ar an Domhnach. Tá cóipeanna de na hamchláir ar fáil ó shuíomh gréasáin Translink nó ó phríomhstáisiúin NIRailways.

Táillí agus Ticéid NIRailways

Ticéid Singil: Bailí ar an lá eisiúna amháin, idir dhá stáisiún.

Ticéid Fhillte Lae: Bailí ar an lá eisiúna amháin, agus an turas ar ais a dhéanamh ar an lá céanna.

Is féidir coigilt shuntasach a dhéanamh tríd ticéid seachtaine, míosa nó bliana a cheannach, ag brath ar mhinicíocht do chuid taistil. Is féidir airgead a shábháil freisin má thaistealaíonn tú lasmuigh de na treimhsí is gnóthaí. Tá táillí margaíochta, tairiscintí agus traenacha speisialta ar fáil i gcaitheamh na bliana ar fad. Féach suíomh gréasáin Translink le haghaidh tuilleadh eolais.

Ticéad Seachtaine 7 lá: Taisteal gan teorainn ar feadh seacht lá idir dhá stáisiún ainmnithe (bailí Luan go Domhnach).

Moneysavers Míosa: Taisteal gan teorainn idir dhá stáisiún ainmnithe ar feadh míosa reatha. Taisteal gan teorainn ar líonra NIRailways um dheireadh seachtaine i gcás ticéad dar luach £75 nó níos mó.

Sunday Day Tracker: Taisteal gan teorainn ar sheirbhísí sceidealta traenach uile NIRailways, laistigh de Thuaisceart Éireann, ar an Domhnach, (£6.00 duine fásta, £3.00 lamháltas). Níl aon srianta ama i bhfeidhm.

Taisteal Grúpa: Lascaine suas go 15% do pháirtithe 10 bpaisinéirí nó níos mó ar gach seirbhís. Tuilleadh eolais ó NIR Travel, Fón: (028) 9024 2420.

Turais Lae Iarnróid

Tóg turas lae ar an traein chuig roinnt de na háiteanna is mó diol spéise ag cuairteoirí i dTuaisceart Éireann. Faigh cóip den leabhrán Outings by Rail mar chabhair duit do thuras a phleanáil!

Ó Dhoire go Cúil Raithin ar thraein

Sa tsraith teilifíse “The World’s Great Railway Journeys” dúirt Michael Palin go raibh an turas idir Doire agus Cúil Raithin "ar cheann de na turais iarnróid is áille ar domhan". Faigh cóip den bhileog a léiríonn suntais an réigiúin agus an turas traenach féin, maraon le seirbhísí bus* chuig Clochán an Aifir agus bailte le hais an chósta.

**Tabhair faoi deara gur seirbhísí séasúracha iad cuid ne na naisc chuig Clochán an Aifir*



Club Leabhar NIRailways

Cuireadh tús le Club Leabhar Translink NIRailways in 2009; tugtar deis do phaisinéirí leabhar a phiocadh suas ag stáisiún nó ar bord traenach agus é a léamh le linn taistil dóibh. Is féidir leabhair a fhágáil ar ais in aon cheann de na leabhragáin ag príomhstáisiúin nó ar bord traenach, chun go mbainfidh paisinéir eile taitneamh astu. Tá leabhragáin ag Belfast Central, Great Victoria Street, Carrickfergus, Lisburn agus Bangor.

Tionscnamh um Thraenacha Nua

Cuirfear 20 traein nua úrscothach ar seirbhís idir 2011 agus 2013. Infheistíocht dar luach £105 mhilliún is ea na traenacha nua Rang 4000 (C4k). Oibreoidh siad in áit 13 thraein sheanmhúnlach agus taobh le 23 thraein de Rang 3000 (C3k) atá ar seirbhís faoi láthair.

Seirbhísí Iarnróid Trasteorann Enterprise

Is é Enterprise an tseirbhís "bhratlong" iarnróid trasteorann againn idir Béal Feirste agus Baile Átha Cliath.

Tá cóiríocht First Plus agus Enterprise Class ar fáil ar mhórchuid na dtraenacha idir Béal Feirste agus Baile Átha Cliath. (Ar roinnt de na seirbhísí níl ach Enterprise Class ar fáil). Féach an t-amchlár iarnróid le haghaidh sonraí breise.

Suíocháin in Áirithe: Má tá tú ag taisteal First Plus is féidir suiocháin aonair a chur in áirithe saor in aisce. Glaoigh ar (028) 90 66 66 30 chun ticéad a cheannach agus suíochán a chur in áirithe roimh ré.

Seirbhísí Lónadóireachta Enterprise: Tá beár lónadóireachta agus seirbhís tralaí ar fáil ar mhórchuid na seirbhísí Enterprise.

Táillí agus Ticéid Enterprise

Ticéid Singil: Ar fáil le haghaidh taistil First Plus agus Enterprise Class amháin. Enterprise Class £28.00, First Plus £44.00 (Belfast - Dublin).

Táillí Fillte Lae: Ar fáil Luan go Satharn le haghaidh Enterprise Class amháin £30.00 (Belfast - Dublin). (Ticéad margaíochta é seo; féadfar é a tharraingt siar nó a athrú am ar bith).

Táillí Fillte Lae Teaghlaigh: Ar fáil le haghaidh taistil Enterprise Class amháin. Bailí le haghaidh beirt duine fásta agus suas le ceathrar leanaí, ar thraein ar bith, lá ar bith, £75 (Belfast - Dublin).

Táillí Fillte Míosa: Ar fáil le haghaidh taistil First Plus agus Enterprise Class amháin. Enterprise Class £40.00, First Plus £70.00 (Belfast - Dublin).

Táilli Fillte Míosa Teaghlaigh: Ar fáil le haghaidh taistil Enterprise Class amháin agus bailí le haghaidh beirt duine fásta agus suas le ceathrar leanaí. Bailí don turas ar ais go ceann míosa ón dáta a léirítear ar an ticéad. £100.00 (Belfast - Dublin).

Ticéid Chonartha Trasteorann: Tá leabhair 20 ticéad singil ar fáil idir Belfast/Portadown/Newry - Dublin. Déan teagmháil le NIR Travel le haghaidh tuilleadh eolais, Glaoigh ar (028) 9024 2420

Ticéad Seachtaine 7 lá: Taisteal gan teorainn ar feadh 7 lá idir Belfast/Portadown/Newry agus stáisiúin áirithe trasteorann.

Ticéid Mhíosa: Taisteal gan teorainn ar feadh míosa idir Belfast/Portadown/Newry agus stáisiúin áirithe trasteorann.

Ticéid ar Tháillí Gréasáin: Tugann táillí gréasáin Enterprise breis rogha agus luach ar airgead do chustaiméirí. Tugann na táillí gréasáin lascaine suas go 50% ar ghnáth-tháillí singil, fillte lae agus míosa. Níl siad ar fáil ach ó shuíomh gréasáin Translink agus ní mór iad a cheannach 3 lá roimh thaisteal. Bíonn laghdaithe breise ar fáil le linn tréimhsí speisialta margaíochta i gcaitheamh na bliana.

Taisteal Saor in Aisce ar an DART: Is féidir le paisinéirí a bhfuil ticéad bailí Enterprise acu taisteal saor in aisce ar an DART idir Stáisiún Uí Chonghaile agus Stáisiún Sráid Teamhrach/Stáisiún Piarsach, Baile Átha Cliath.

Taisteal Saor in Aisce isteach go Lár Chathair Bhéal Feirste: Is féidir le paisinéirí a bhfuil ticéad bailí iarnróid acu taisteal saor in aisce idir Belfast Central Station (East Bridge Street) agus lár na cathrach ar sheirbhísí uile Metro agus Ulsterbus a ghabhann thar an stáisiún.

Seirbhísí Eile

Táillí Lamháltais Bus agus Iarnróid

Seanóirí

Daoine Incháilithe: Tá gach fear agus bean 60 bliain d'aois nó níos sine, a bhfuil cónaí orthu i dTuaisceart Éireann le 3 mhí anuas nó níos mó, agus a bhfuil 60+ SmartPass acu, i dteideal taistil saor in aisce laistigh de Thuaisceart Éireann. Is féidir le paisinéirí atá 65 bliana d'aois nó níos sine taisteal saor in aisce thar teorainn ach Senior SmartPass a thaispeáint. Íocann an Roinn Forbartha Réigiúnaí as an scéim seo. Eisítear SmartPass saor in aisce. Tá foirmeacha iarrtais ar fáil ag na príomhstáisiúin bus agus iarnróid.

Tá bailíocht chúig bliana ag SmartPass; tá na pasanna a eisíodh ag tús na scéime in 2002 as feidhm anois. Scrúdaigh, le do thoil, an dáta éaga ar thosach an SmartPass agat chun a fheiceáil cathain a rachaidh sé as feidhm; ní féidir é a úsáid chun taisteal saor in aisce a fháil tar éis an dáta sin.

Senior Moments with Translink

San fhoilseachán 'Senior Moments with Translink' tá réimse spreagúil de thairiscintí lascaine, atá ar fáil ag caifí agus bialanna ar fud Thuaisceart Éireann ach SmartPass agus ticéad taistil bailí a thaispeáint. Tá seanóirí i dteideal taistil saor in aisce agus is iomaí cúis atá ann taisteal ar sheirbhísí Translink - ceann amháin díobh bualadh le cairde! Faigh cóip saor in aisce ag stáisiún bus nó iarnróid ar bith.

Pinsinéirí Cogaidh

Daoine Incháilithe: Tá lamháltais saorthaistil ar fáil do dhaoine a bhfuil pinsean míchumais chogaidh acu, atá faoi bhun 60 bliain d'aois agus a bhfuil cónaí orthu i dTuaisceart Éireann le 3 mhí anuas ar a laghad. Chun taisteal saor in aisce a fháil, ní mór do phinsinéiri SmartPass a bheith acu. Chun foirm iarrtais a fháil, glaoigh le do thoil ar 028 9035 1201

Daoine Dalla

Tá an lamháltas saorthaistil ar fáil do gach duine a bhfuil cónaí orthu i dTuaisceart Éireann atá ar Chlár na nDall ag oifigí áitiúla na mBord Sláinte & Seirbhísí Sóisialta. Chun taisteal saor in aisce a fháil, ní mór do Dhaill Chláraithe SmartPass a bheith acu.

Is féidir foirmeacha iarrtais a fháil ón Iontaobhas Sláinte & Seirbhísí Sóisialta ag a bhfuil tú cláraithe mar dhall.

Saorthaisteal i bPoblacht na hÉireann

Faoin Scéim Saorthaistil ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, tá seanóirí (aois 65+), pinsinéirí cogaidh agus daoine dalla a bhfuil cónaí orthu i dTuaisceart Éireann i dteideal taistil saor in aisce thar teorainn, ar bhus nó ar thraein, ó áit ar bith i bPoblacht na hÉireann.

Tá Seanóirí ó Phoblacht na hÉireann, a bhfuil ROI Senior SmartPass acu atá bailí agus feidhmeach, i dteideal taistil

saor in aisce ar sheirbhísí uile bus agus iarnróid Translink laistigh de Thuaisceart Éireann.

Munar féidir le Seanóirí ROI Senior SmartPass nó ticéad trasteorann réamhfhaighte a thaispeáint, ní mór dóibh an táille dhuine fásta iomlán as an turas a íoc.

Pas Lamháltais Leath-tháille

Mhéadaigh an Roinn Forbartha Réigiúnaí Scéim Tháille Lamháltais Thuaisceart Éireann le ceithre chatagóir bhreise. Ar thaispeáint an Half-Fare SmartPass duit, beidh tú i dteideal laghdú 50% ar an ghnáth-táille singil do dhaoine fásta, ar sheirbhísí bus agus iarnróid laistigh de Thuaisceart Éireann. Tá ticéad fillte ar fáil freisin ar luach an ghnáth-táille singil do dhaoine fásta.

Is iad seo a leanas na ceithre chatagóir:

- Daoine ar bronnadh orthu an mhír shoghluaisteachta (uasmhéad nó íosmhéad) den Liúntas Maireachtála Míchumais ar feadh tréimhse 12 mhi ar a laghad.
- Daoine ar diúltaíodh Ceadúnas Tiomána dóibh ar chúiseanna sláinte.
- Daoine atá cláraithe mar chaoch ag an Iontaobhas Sláinte & Seribhísí Sóisialta.
- Daoine atá ar aithint ag an Iontaobhas Sláinte & Seirbhísí Sóisialta a bheith faoi mhíchumas foghlama.

Tá foirmeacha iarrtais ar fáil ag na príomhstáisiúin bus agus iarnróid, Oifigí Leasa Shóisialta, Iontaobhais Sláinte & Seirbhísí Sóisialta agus Ceadúnú Tiománaithe & Feithiclí Thuaisceart Éireann.

Ceadúnais Dífhostaíochta

Tá táillí laghdaithe bus agus iarnróid ar fáil ag aon duine atá dífhostaithe faoi láthair agus atá gníomhach ag lorg oibre, ach ceadúnas fíordheimhnithe, foirm JS40 agus aitheantas fótagrafach a thaispeáint.

Lascainí Mac Léinn agus Óige

Mic Léinn Lánaimseartha: Is féidir le mac léinn ar chúrsa lánaimseartha nó faoi oiliúint ghairmiúil lánaimseartha i dTuaisceart Éireann, i bPoblacht na hÉireann nó sa Bhreatain Mhór Cárta Lascaine Mac Léinn Translink a fháil ar chostas £7. Tá an cárta seo ar fáil freisin do dhaltaí scoile i mbun oideachais lánaimseartha ó aois 12. Níl mic léinn páirtaimseartha/tráthnóna ná printísigh incháilithe don chárta seo.

Tá sealbhóir an Chárta Mac Léinn i dteideal táillí laghdaithe a cheannach ar sheirbhísí sceidealta Translink ar fud líonra Ulsterbus agus NIRailways. Tá foirmeacha iarrtais do Chárta Lascaine Mac Léinn Translink ar fáil ag na príomhstáisiúin bus agus iarnróid.

Cárta Lascaine Iarnróid 16-21: Is féidir le paisinéirí idir 16 agus 21 bhliain d'aois laghdaithe a fháil ar thicéid shéasúir seachtaine agus míosa ach an cárta seo, a chosnaíonn £7, a thaispeáint. Tá foirmeacha iarrtais ar fáil ag na príomhstáisiúin iarnróid.

Ag dul i gComhairle Leat

Grúpaí Paisinéirí Translink: Tá grúpaí paisinéirí bus agus iarnróid bunaithe againn, le cathaoirligh neamhspleách. Tagann siad le chéile go rialta chun tuairimí faoi na seirbhísí againn a nochtadh. I measc na ngrúpaí tá paisinéirí a bhíonn ag taisteal go rialta atá tugtha do chabhrú linn na seirbhísí a fheabhsú agus a fhorbairt.

Fóram Óige Translink (TYF): Cuireann sé seo fóram éifeachtach ar fáil chun tabhairt le chéile dearcadh, tuairimí agus taithí daoine óga a bhaineann úsáid as seirbhísí iompair i dTuaisceart Éireann.

Más mian leat a bheith páirteach i nGrúpa Paisinéirí nó san TYF, déan teagmháil, le do thoil, leis an Rannóg Margaíochta, ar (028) 9089 9400.

Naisc Aerfort

Belfast International Airport: Airport Express 300 idir Europa Buscentre agus Belfast International Airport. Ticéad Singil £7, Ticéad Fillte £10, Ticéad Smartlink 10 dTuras £45. *Minicíocht: Gach 15 nóiméad ag na tréimhsí is gnóthaí Luan-Aoine, (minicíocht laghdaithe Satharn & Domhnach).*

George Best Belfast City Airport: Airport Express 600 ó Europa Buscentre go George Best Belfast City Airport ag freastal ar stáisiún iarnróid Sydenham. Oibríonn traenacha ar an Bangor Line go stáisiún iarnróid Sydenham. Táillí idir George Best Belfast City Airport agus Lár Chathair Bhéal Feirste, duine fásta singil £2.00, duine fásta fillte míosa £3.00. Tá táille nua Smartlink 10 dTuras ar fáil ag £14. (*Minicíocht: Gach 20 nóiméad ag na tréimhsí is gnóthaí Luan-Satharn, minicíocht laghdaithe ar an Domhnach.)*

City of Derry Airport: Seirbhís Ulsterbus 143 ó Foyle Street Buscentre agus 234 ó Coleraine go City of Derry Airport.

Dublin Airport: Seirbhís Ulsterbus Goldline 200 idir Europa Buscentre agus Dublin Airport ar an uair, gach uair, gach lá. Ticéad Singil £12.15, Ticéad Fillte £17.40. (is táilli margaíochta iad seo a fhéadfar a tharraingt siar am ar bith).

Seirbhís Ulsterbus Goldline 274 idir Derry (Foyle Street Buscentre) agus Dublin Airport gach dhá uair ó 6.15am go 8.45pm, Luan go hAoine.

Chun eolas faoi amchláir na seirbhísí seo a fháil cliceáil ar www.translink.co.uk nó glaoigh ar (028) 90 66 66 30.

Turais agus Fruiliú Príobháideach

I dteannta na seirbhísí sceidealta bus agus iarnróid, is féidir leat freisin leas a bhaint as na seirbhísí seo a leanas:

Ulsterbus Tours: Tairgeann Ulsterbus Tours, atá lonnaithe ag Europa Buscentre, saoirí sómhara ar chóiste ar fud Éireann, na Ríochta Aontaithe agus na hEorpa. saoirí gearra; deireadh seachtaine le téamaí, turais spéise speisialta agus fruiliú príobháideach/corporáideach. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi thurais ar chóiste, glaoigh ar (028) 9033 7004; fruiliú príobháideach, glaoigh ar (028) 9033 7006.

NIR Travel: Is é NIR Travel, lonnaithe ag Great Victoria Street Station, is mó a sholáthraíonn saoirí gearra iarnróid in Éirinn. Seirbhís eile ag NIR Travel ná taisteal ghrúpa iarnróid, aeir agus loinge sa Ríocht Aontaithe agus san Eoraip. Chun tuilleadh eolais a fháil, glaoigh ar: (028) 9024 2420.

Seirbhísí Rambler

Tá roinnt seirbhísí ag Translink atá dírithe ar thurasóireacht faoin tuath a chothú, ar na dtacú ag an gCiste um Iompar Tuaithe. Tá na seirbhísí seo an-áisiúil do thurasóirí agus do mhuintir na háite araon, gur mian leo an radharcra is fearr i dTuaisceart Éireann a chuardach de shiúl cos. Déanann na Seirbhísí Rambler freastal ar na príomhstáisiúin bus maraon le ligean síos agus piocadh suas ag áiteanna ar leith. Is féidir ticéid a cheannach ón tiománaí.

Seirbhísí atá ar fáil leanúnach	**Séasúrach seirbhísí**
Sperrin Rambler (403)	Causeway Rambler (402)
Kilkeel Rambler (407)	Mourne Rambler (405)
	Antrim Coaster (252)

Seirbhísí Páirceála agus Taistil

Oibríonn Translink cúig láithreán Páirceála agus Taistil laistigh de Mhórcheantar Bhéal Feirste, i gcomhar leis an Roinn Forbartha Réigiúnaí agus an Seirbhís Bóithre. Is iad seo **Northside**, **Eastside**, **Sprucefield**, **Blacks Road** agus **Cairnshill**. Chun tuilleadh eolais a fháil, glaoigh ar (028) 90 66 66 30.

Chun teagmháil a dhéanamh linn:
Tabhair cuairt ar www.translink.co.uk nó glaoigh ar
(028) 90 66 66 30

Ionad Teagmhála - uaireanta oscailte:
(seachas Lá Nollag agus Lá le Stíofáin)
Luan - Aoine 7am go 8pm
Satharn & Domhnach 8am go 6pm

r-phost: feedback@translink.co.uk

Lean sinn ar Facebook agus Twitter
www.facebook.com/TranslinkNI
www.twitter.com/Translink_NI

Chun teagmháil a dhéanamh le stáisiúin áitiúla bus agus iarnróid, is féidir feidhm a bhaint as Córas Typetalk ag Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBodhar (RNID). Má tá téacsfón in úsáid agat, cuir isteach 18001 roimh an uimhir fóin iomlán.

Fiosrú faoi earraí caillte:
Luan go hAoine, uaireanta oifige amháin
Metro (028) 9045 8345
NIRailways (028) 9074 1700
Ulsterbus - déan teagmháil leis an stáisiún áitiúil nó glaoigh ar an Ionad Teagmhála ar (028) 90 66 66 30

Enterprise First Plus - Ticéid agus áirithint suíochán:
Fón: (028) 90 66 66 30

NIR Travel Railbreaks: (028) 9024 2420
Ulsterbus Private Hire: (028) 9033 7006

Ulsterbus Coach Tours: (028) 9033 7004
Ulsterbus Cross Channel Express: (028) 9033 7002

Bainisteoir Ginearálta - Seirbhísí Bus
F Clegg, Central Station, Belfast (028) 9089 9400

Bainisteoir Ginearálta - Seirbhísí Iarnróid
M McGreevy, Central Station, Belfast (028) 9089 9400

Oifigí Riaracháin
Uaireanta Oscailte: Luan go Déardaoin 8.45am - 5.30pm
Aoine 8.45am - 2 .00pm

Daonacmhainní; Margaíocht; Oibríochtaí
Central Station, Belfast BT1 3PB
Fón: (028) 9089 9400
Facs Margaíochta: (028) 9089 9452
Facs Daonacmhainní: (028) 9089 9412

Airgeadas; Ceannaíocht; Infrastructúr; Réadmhaoin; IT
Milewater Road, Belfast, BT3 9BG
Fón: (028) 9035 1201 Facs (028) 9035 1474

Innealltóireacht Mheicniúil
1 York Road, Belfast BT15 3RB
Fón: (028) 9035 4411 Facs (028) 9035 4404

Oifig Ticéad & SmartPass
Fón: (028) 9075 9129


Translink
NI Railways
ROUTE MAP
KEY
Main Bus & Rail Interchange
Dublin Line
Londonderry Line
Portadown/Newry Line
Bangor Line
Portrush Line
Larne line
Airport Express 300 service to Belfast International Airport
Airport Express 600 service to George Best Belfast City Airport
LONDONDERRY
Bellarena
Castlerock
COLERAINE
Dhu Varren
University
PORTRUSH
Ballymoney
Cullybackey
Ballymena
Antrim
GREAT VICTORIA STREET
EUROPA BUSCENTRE
City Hospital
Botanic
Mossley West
LARNE HARBOUR
Yorkgate
Whiteabbey
Jordanstown
Greenisland
Trooperslane
Clipperstown
Carrickfergus
Downshire
Whitehead
Ballycarry
Magheramorne
Glynn
Larne Town
BELFAST CENTRAL
Bridge End
Sydenham
Holywood
Marino
Cultra
Seahill
Helen's Bay
Carnalea
Bangor West
BANGOR
Adelaide
Balmoral
Finaghy
Dunmurry
Derriaghy
Lambeg
Hilden
Lisburn
Moira
Lurgan
Portadown
Scarva
Poyntzpass
Newry
Dundalk
Drogheda
DUBLIN
Free bus into town
Rail passengers with a valid rail ticket can travel between Central Station and Belfast city centre free of charge on Translink Metro bus services.
Free Ulsterbus connections from Newry Station to Newry city centre and from Londonderry Station to Derry city centre.
Translink Metro
Translink Ulsterbus

Léarscáil Bus Bhéal Feirste - Seirbhísí Metro